



## Treoiríníte

### Spríodcháta: Dé Luain 20 Eanáir 2025 ag 3 i.n.

#### CUSPÓIR

Dearadh an Scéim Tacaíochta Ealaíontóirí Gairmiúla chun cabhrú le healaíontóirí atá ag obair ar fud na meán ealaíne, m.sh. amharc-ealaín, taibhiú, litríocht, damhsa, meáin dhigiteacha, dealbhóireacht, amharclannaíocht, ceol.

Cuimsíonn foirmeacha ealaíne:

- Amharcealaíontóirí– chun saothar nua a chruthú / caighdeán cleachtais ealaíontóra a fheabhsú, scileanna a fhorbairt
- Ceol – a chlúdaíonn gach cineál cruthaithe ceoil nua– m.sh. ceol clasaiceach, snagcheol, ceol traidisiúnta, ceol tíre, rac-cheol, srl – chun saothar nua a chruthú / caighdeán cleachtais ealaíontóra a fheabhsú, scileanna a fhorbairt
- Amharclannaíocht – chun saothar nua a chruthú / caighdeán cleachtais ealaíontóra a fheabhsú, scileanna a fhorbairt
- Damhsa – clúdóidh sé gach cineál taibhithe damhsa agus cóiréagrafaíochta, m.sh. traidisiúnta, comhaimseartha, bailé, srl. chun saothar nua a chruthú / caighdeán cleachtais ealaíontóra a fheabhsú, scileanna a fhorbairt
- Litríocht – a thairgtear do scríbhneoirí na scríbhneoireachta cruthaithí m.sh. filíocht, drámaíocht, ficsean, scriptscríbhneoireacht (nach mbaineann le scríbhneoirí taighde stair áitiúil ná clár faisnéise) chun saothar nua a chruthú / caighdeán cleachtais ealaíontóra a fheabhsú, scileanna a fhorbairt

Féachann an scéim dámhachtana seo le tacaíocht a thabhairt d' ealaíontóirí gairmiúla<sup>1</sup> ag am ar bith ina ngairm, a rugadh agus a chaith blianta a n-óige in Uíbh Fhailí, nó atá ina gcónaí in Uíbh Fhailí faoi láthair, i bhforbairt a gcleachtais ealaíon féin.

Aidhmeanna:

- Cabhrú le forbairt chleachtas an ealaíontóra
- Cur le fás ealaíontóirí oilte atá ina gcónaí sa chontae
- Ealaíontóirí a spreagadh chun cónaí agus oibriú in Uíbh Fhailí
- Ionchur agus tionchar ar fheasacht ar na healaíona in Uíbh Fhailí

#### CAD É A MHAOINEOIMID

Ní féidir le healaíontóirí iarratas a dhéanamh ach faoi chatagóir amháin.

##### A. Forbairt Ghairmiúil –

- a. Oiliúint bhreise, ceardlanna, nó máistir-ranganna. Bhain oiliúint ghairmiúil amhail ceardlanna nó máistir-rang, meantóireacht, deontais taistil in Éirinn agus thar lear le

---

#### <sup>1</sup> Sainmhíniú ar Ealaíontóir Gairmiúil

\*'Is féidir Ealaíontóir Gairmiúil a shainmhíniú mar dhuine arb í a bhfoirm ealaíne a shlí bheatha lánaimseartha nó a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal aige ina réimse cleachtais nó a íocadh agus a fógraíodh mar thaibheoir /taispeántóir aonair nó ceannródaíoch in institiúid státmhaoinithe nó a d'fhoilsigh nó a léirigh foilsitheoir aitheanta nó cuideachta nó ionad amharclainne/scannán nó a n-aithníonn a c(h)uid píaraí é mar ghairmí agus a fuair aitheantas i bhfoirm moltaí, luach saothair, dámhachtainí, deontais, ceapacháin ar phainéil, srl.



riachtanais oiliúna. Ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí sainmhíniú soiléir a thabhairt ar an gcaoi a bhforbróidh an tréimhse taighde seo scil ealaíonta na rannpháirtithe agus/nó na n-ealaíontóirí atá i gceist.

- b. Tá iarratais Chónaitheachta Tyrone Guthrie dhá sheachtain ar a mhéad in aghaidh an duine aonair (ag brath ar líon na n-iarratas a fhaightear). Beidh ar an iarratasóir fianaise ar chuireadh ó Ionad Tyrone Guthrie nó ó chónaitheacht eile atá aitheanta go náisiúnta a chur ar fáil le go mbreithneofar iad le haghaidh maoinithe. Ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí sainmhíniú soiléir a thabhairt ar an gcaoi a bhforbróidh an tréimhse taighde seo scil ealaíonta na rannpháirtithe agus/nó na n-ealaíontóirí atá i gceist.
- c. Am /costais a bhaineann le taighde ar shaothair nua – beidh gá le togra mionsonraithe chun am beartaithe a bhaineann le togra taighde a léiriú. Ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí sainmhíniú soiléir a thabhairt ar an gcaoi a bhforbróidh an tréimhse taighde seo scil ealaíonta na rannpháirtithe agus/nó na n-ealaíontóirí atá i gceist.

**B. Saothar nua a chruthú** – Chun saotha(i)r nua (ó sheanáir ar bith) a chruthú. Ní mór d'iarratasóirí a léiriú, nuair a bheidh sé críochnaithe, go gcuirfear an saothar i láthair, ar taispeántas, go bhfoilseofar é, go dtaibhseofar é nó go scaipfear é nó go gcuirfear i láthair é mar shaothar atá idir lámha. Ní mór an rud céanna a léiriú sa tuarascáil deiridh. Féadfaidh an dámhachtain na nithe seo a leanas a chumhdach:

- Taighde
- Costais Ábhar Ealaíon – is é €300 an dámhachtain uasta do chúnamh ábhair<sup>2</sup>
- Costais taispeántais (i spásanna ealaíon tiomnaithe a mhaoinítear go poiblí)
- Taifeadadh, (fuaim / digiteach) Costais foilsitheoireachta (ag foilsitheoir aitheanta neamhspleách)

**C. Lucht féachana nua a bhaint amach**

- a. Chun cur ar chumas ealaíontóra taighde a dhéanamh i dtreo lucht féachana / rannpháirtithe a fhorbairt i bpobail nach mbíonn ag plé leis na healaíona de ghnáth, m.sh. d'fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm treoirthionscadal a fhoinsíonn nó a oibríonn le grúpa pobail.
- b. Cúnamh do chleachtas ealaíon / ealaíontóir ar thionscadail atá ag obair i dtreo lucht féachana / rannpháirtithe a fhorbairt i bpobail nach mbíonn ag plé leis na healaíona de ghnáth. Ní mór do thionscadail cur chuige comhoibríoch a léiriú idir an t-ealaíontóir agus na rannpháirtithe. D'fhéadfadh tionscnaimh ealaíon i suíomhanna oideachais neamhfhoirmiúla, cúram sláinte agus suíomhanna pobail a bheith i measc na samplaí, ach gan a bheith teoranta dóibh. Ba cheart dóibh ealaíontóirí a spreagadh chun dul i dteagmháil le pobal nó áit laistigh de chontae Uíbh Fhailí, dul i gcomhairle leo agus comhoibriú leo nó deiseanna fáis agus forbartha a chur ar fáil laistigh d'earnáil na n-ealaíon rannpháirteach. Ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí sainmhíniú soiléir a thabhairt ar an gcaoi a bhforbróidh an tionscadal comhoibríoch/ rannpháirtíochta seo

---

<sup>2</sup> San fheidhmchlár seo, tagraíonn Ábhair / Trealamh Ealaíne do na hacmhainní riachtanacha a theastaíonn ó ealaíontóir i ngach cleachtas ealaíne chun cruthú saothar nua a chumasú: ábhair amharcealaíontóra, m.sh. péinteanna, canbhás srl, bogearraí ríomhaireachta chun saothair ealaíne a chruthú, trealamh digiteach (níl ceannach fón **cliste san áireamh**)



scil ealaíonta na rannpháirtithe agus/nó na n-ealaíontóirí atá i gceist.

## SOLÁTHAR MAOINITHE

**Le tabhairt do d'aire:** Is iondúil go mbíonn idir 200 – 800 euro i gceist le tairiscintí maoinithe, braitheann sé sin ar bhuiséid agus ar na tograí a fhaightear. D'fhéadfaimis maoiniú breise a mheas ach é sin go díreach faoi chúinsí eisceachtúla agus má bhíonn buiséad ann chuige. Baineann íocaíocht Dámhachtana le gníomhaíochtaí sonracha mar atá leagtha amach i d'iarratas agus ní féidir í a aistriú mura n-aontaítear é roimh ré leis an Oifig Ealaíon.

## INCHÁILITHEACTH

**Cé atá in ann iarratas a dhéanamh** - Ealaíontóirí Gairmiúla<sup>3</sup> ag am ar bith ina ngairm, a rugadh agus a chaith a n-óige in Uíbh Fhailí nó atá ina gcónaí in Uíbh Fhailí faoi láthair. Caithfidh an t-ealaíontóir a bheith ar ár mBunachar Sonraí Ealaíontóirí Uíbh Fhailí. Tá an bunachar sonraí saor in aisce agus ní roinntear é le haon tríú páirtí. **Ní mór do gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil uimhir Imréitigh Cánach agus uimhir rochtana bhailí acu.** Más ag obair laistigh den phobal atá tú, ní mór duit árachas dliteanas poiblí a bheith agat agus má tá tú ag obair le leanaí, ní mór duit oiliúint um chumhdach leanaí agus polasaí/ráiteas um chumhdach leanaí a bheith agat.

## NEAMHCHÁILITHEACTH

- Tograí, buiséid agus iarratais neamhiomlána /dhéanacha
- Dámhachtainí oideachais
- Costais chaipitil & ceannach fóin phóca
- Iarratas /gníomhaíochtaí chun críche tiomsaithe airgid carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, i seastáin trádála nó chun críocha déanta brabúis go príomha.
- Léiriú scannán - Gnáthscannán a fhorbairt, lena n-áirítear gearrscannán príomhshrutha, beochan agus clár faisnéise agus obair don teilifís.

## CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

- Uaillmhian ealaíonta agus cáilíocht an togra - 30
- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar fhorbairt ealaíne /gairme an duine aonair - 30
- Comhthéacs iomaíoch agus acmhainní atá ar fáil - 20
- Ionchur agus tionchar an iarratasóra ar na healaíona in Uíbh Fhailí<sup>4</sup> - 20

### <sup>3</sup> Sainmhíniú ar Ealaíontóir Gairmiúil

\*Is féidir Ealaíontóir Gairmiúil a shainmhíniú mar dhuine arb í a bhfoirm ealaíne a shlí bheatha lánaimseartha nó a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal aige ina réimse cleachtais nó a íocadh agus a fógraíodh mar thaibheoir /taispeántóir aonair nó ceannródaíoch in institiúid státmhaoinithe nó a d'fhoilsigh nó a léirigh foilsitheoir aitheanta nó cuideachta nó ionad amharclainne/scannán nó a n-aithníonn a c(h)uid piaraí é mar ghairmí agus a fuair aitheantas i bhfoirm moltaí, luach saothair, dámhachtainí, deontais, ceapacháin ar phainéil, srl.

<sup>4</sup> Ba chóir d'iarratasóirí a léiriú trína n-iarratas conas a chuireann an deontas ar a gcumas cur leis na healaíona in Uíbh Fhailí



## CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

**SPRIOCdhÁTA:** Dé Luain 20ú Eanáir 2025 ag 3 i.n.

### Seol foirm iarratais chuig

Oifig Ealaíne  
Comhairle Contae Uíbh Fhailí  
Aras an Chontáe  
Tulach Mhór,  
Co.Uíbh Fhailí  
R35 F893

### Cuir na nithe seo a leanas san áireamh le do thoil

- CV
- Togra
- Buiséad mionsonraithe
- Meastacháin/Litir
- Naisc chuig Saothar nó grianghraif de Shaothar

### NÓTAÍ D'IARRATASÓIRÍ

1. Ní ghlacfar le hiarratais ach ó ealaíontóirí gairmiúla aonair de réir ár riachtanas incháilitheachta – ní ó ghrúpaí ná eagraíochtaí.
2. Ní mór tograí a chlósscríobh ina mbíonn léiriú ar an gcoincheap agus ar an réasúnaíocht, buiséad soiléir agus samplaí de shaothar an ealaíontóra.
3. Ní ghlacfar ach le hiarratas amháin in aghaidh an ealaíontóra aonair faoi cheann de chatagóirí na scéime seo.
4. Ní sparánacht oideachais í an dámhachtain seo.
5. Déanfar an dámhachtain i gcomhthéacs measúnú iomaíoch, cuspóir na gcritéar dámhachtana agus roghnúcháin, agus na n-acmhainní atá ar fáil.
6. Tá an dámhachtain ann don bhliain féilire 2025 agus is léi sin a bhaineann sí, ní ceadmhach tosú sula gceadófar í agus má bhronntar í ní mór í a íostarraingt roimh Dé Luain an 10 Samhain 2025 ag 3 i.n..
7. Le haghaidh tuilleadh fiosruithe, déan teagmháil le [arts@offalycoco.ie](mailto:arts@offalycoco.ie)

### Maoinithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus ag an gComhairle Ealaíon

